

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

---

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE  
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE  
FÓMHAR 2016**

---

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA  
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,  
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in  
<http://www.tuairisc.ie>,  
<http://www.gael scoileanna.ie>; *Nuachtlitir Gaelscoileanna Teo.*, Earrach, 2016

## **Treasa:**

Institiúid Oideachais Marino, 2016.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

**[Bleep]**

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

# Treasa: Fógra 1

## (Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo do mhúinteoirí bunscoile. Tá comórtas leabhar á eagrú do leanaí i Rang a hAon agus i Rang a Dó i mbunscoileanna ar fud na tíre. Is é *The O'Brien Press* a thabharfaidh urraíocht don chomórtas.

Séard atá le déanamh ag leanaí chun cur isteach ar an gcomórtas ná scéal gearr cruthaitheach de chúig chéad focal a scríobh as Gaeilge. Caithfidh gach iontráil a bheith clóscríofa agus a bheith seolta i ríomhphost chuig [ciara@theobrienpress.ie](mailto:ciara@theobrienpress.ie) roimh dheireadh na míosa seo.

Roghnófar beirt bhuaiteoirí agus bronnfar beart mór leabhar Gaeilge ar gach buaiteoir do leabharlann a scoile féin. Foilseofar scéalta na mbuaiteoirí mar aon le grianghraf ar shuíomh idirlín *The O'Brien Press*.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

## **Treasa: Fógra 2**

### **(Canúint Chonnacht)**

Seosamh:

Fógra anseo do phríomhoidí agus do mhúinteoirí i scoileanna Lán-Ghaeilge. Beidh Carnabhal na nGaelscoileanna ar siúl arís i mbliana ag Ionad Óige na hÉireann, Droim Rí, Contae na Mí. Is turas scoile trí mheán na Gaeilge é an carnabhal a bheidh oiriúnach do ghasúir ó Rang a Trí go Rang a Sé. Anuraidh, d'fhreastail naoi scoil agus níos mó ná ceithre chéad dalta ar an turas scoile thar dhá lá. Beidh an turas scoile ar fáil thar chúig lá i mbliana.

I measc na n-imeachtaí a chuirfear ar fáil ag an gcarnabhal beidh ceol, spórt agus drámaíocht. Ina theannta sin, beidh deis ag gasúir balla dreapadóireachta a úsáid, agus, buailfidh siad le gasúir ó scoileanna Lán-Ghaeilge eile.

Is é Cumann na bhFiann a eagróidh an carnabhal. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le hOrlaith ag 01-8259342.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## Treasa: Fógra 3

### (Canúint Uladh)

Muiris:

Tá áthas ar Chumann Múinteoirí Éireann a fhógairt go bhfuil fear ón nGaeltacht, John Ó Baoill, tofa ina leas-uachtarán ar an eagraíocht.

Rugadh agus tógadh John i Mullach Dubh sna Rosa i gContae Dhún na nGall. Chaith sé cúig bliana déag ina mhúinteoir bunscoile i Scoil Mhuire, Baile Baodáin, Baile Átha Cliath agus tá cúig bliana caite aige mar Phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Cholm Cille, Cnoc Liamhna, Baile Átha Cliath.

Dúirt Ó Baoill go gcaithfeadh sé a thréimhse mar leas-uachtarán ag stocaireacht ar son chúrsaí oideachais sna Gaeltachtaí. Beidh sé ag iarraidh a chinntiú go dtabharfar maoiniú breise don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mhínigh sé, fosta, go gceapann sé nach bhfuil cothrom na féinne á fháil ag múinteoirí óga atá ag tosú ar scála pá níos ísle ná múinteoirí eile. Dúirt sé go ndéanfaidh sé a dhícheall polasaí an rialtais maidir leis sin a athrú.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

**Treasa: Comhrá I**  
**(Canúint na Mumhan)**

- Éamon: Dia duit, a Chlár. Conas atá tú ?  
(Tomás)
- Clár: Dia is Muire duit, a Éamoin. Táim go han-mhaith go raibh maith agat.  
(Áine)
- Éamon: Chuala mé go raibh tú sa Pholainn i rith an tsamhraidh.
- Clár: Bhí. Chaith Máirtín agus mé féin coicís den scoth sa Pholainn.
- Éamon: Agus an raibh sé go maith?
- Clár: Bhí sé ar fheabhas ar fad. Chaitheamar an chéad seachtain in Kraków. Is cathair álainn í. Shiúlamar gach áit agus thugamar cuairt ar go leor séipéal agus ar ghailearaí ealaíne nó dhó.
- Éamon: Céard a rinne sibh sa dara seachtain?
- Clár: Thógamar gluasteán amach ar cíos agus chaitheamar an dara seachtain ag taisteal timpeall. Thugamar cuairt ar na mianaigh shalainn agus ar an áit ar rugadh Naomh Eoin Pól a Dó.
- Éamon: Caithfidh go raibh sé sin thar a bheith spéisiúil.
- Clár: Bhí. Bhí sé go han-deas a bheith lasmuigh den chathair agus eolas a chur ar áiteanna eile.
- Éamon: Conas a bhí an aimsir?
- Clár: Bhí an ghrian ag spalpadh anuas gach lá.
- Éamon: Agus an rachfá ar ais?
- Clár: 'Bhfuil a fhios agat, rachadh Máirtín ar ais ar maidin. Thaitin Kraków go mór leis. Ba bhreá liom féin an taobh eile den Pholainn a fheiceáil. D'fhéadfaimis filleadh chun dul go Gdansk ag an sos lárthearma!

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**Treasa: Comhrá 2**  
**(Canúint Chonnacht)**

- Cáit: Bail ó Dhia ort, a Liam! Ní fhaca mé thú ag an gcóisir Dé hAoine seo caite.  
(Treasa)
- Liam: Cén chóisir í sin?  
(Seosamh)
- Cáit: Bhí Deirdre tríocha bliain d’aois agus bhí cóisir mhór aici i dteach tábhairne i lár chathair na Gaillimhe. Thug sí cuireadh do gach duine ar *Facebook*.
- Liam: Ní fhaca mé é sin. Níor fhéach mé ar *Facebook* le fada!
- Cáit: Is trua é sin. Chaill tú oíche iontach. Bhí go leor de na daoine a bhí sa choláiste linn in Aberystwyth ann.
- Liam: An raibh? Agus cén t-am a thosaigh an chóisir?
- Cáit: Bhí cúpla deoch againn ar dtús ar a naoi a chlog. Ansin thosaigh banna ceoil traidisiúnta ag seinm.
- Liam: Cén banna ceoil a bhí ann?
- Cáit: “Seoda” an t-ainm a bhí orthu - cairde le Deirdre ón meánscoil. Bhí siad ar fheabhas!
- Liam: Tá an-díomá orm anois gur chaill mé é sin.
- Cáit: Bhainfeá an-taitneamh as, a Liam. Rinneamar cúpla ceann de na damhsaí a d’fhoghláomar sa Ghaeltacht, fiú! Bhí an-spraoi againn le Ballaí Luimní.
- Liam: Cén t-am a chríochnaigh sibh suas?
- Cáit: Bhí bia againn thart ar a haon déag agus tháinig cáca mór le coinnle isteach thart ar a leath uair tar éis a haon déag. D’imigh mé abhaile thart ar mheán oíche ach chuala mé gur lean an chóisir ar aghaidh go maidin. Tá na grianghraif go léir ar *Facebook*!
- Liam: Go hiontach! Caithfidh mé súil orthu ansin!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]



**Treasa: Comhrá 3**  
**(Canúint Uladh)**

- Moya: Dia duit, a Phádraig, cad é mar atá tú?  
(Caitlín)
- Pádraig: Dia is Muire duit, a Mhoya. Táim go han-mhaith go raibh maith agat.  
(Muiris) An bhfuil tú ag fáil réidh don téarma nua?
- Moya: Tá. Nach bhfuil an siopa seo go hiontach le haghaidh áiseanna scoile?
- Pádraig: Is breá liom an siopa seo. Bíonn achan rud faoin spéir acu. Chonaic mé cairt dhaite iontach thall ansin ar ball agus tá na rudaí seo an-fheiliúnach chun clár póstaer a mhaisiú.
- Moya: Táimse ag iarraidh dialann acadúil don bhliain úr a aimsiú?
- Pádraig: Chonaic mé go bhfuil rogha mhaith dialann acu thuas ansin in aice leis an chuntar.
- Moya: Iontach. Gheobhaidh mé ceann ansin. Ach inis dom, ar dtús, an raibh samhradh maith agat?
- Pádraig: Bhí samhradh iontach agam. Ón bhomaite a fuairamar na laethanta saoire bhí mé amuigh ar an fharrage ag iascaireacht i mbád mo dhearthár. Céard fútsa, an raibh samhradh maith agatsa?
- Moya: Bhí, go raibh maith agat. Chaith mé seachtain iontach i bPáras.
- Pádraig: Ní raibh mé riamh i bPáras. Deirtear go bhfuil sé go hálainn.
- Moya: Tá sé ar dóigh. Chonaic mé an *Arc de Triomphe* agus an *Tour Eiffel* ach an rud is mó a thaitin liom ná an turas a rinne mé go *Versailles*.
- Padraig: Beidh orm dul ann lá éigin... an samhradh seo chugainn, b'fhéidir.
- Moya: Sin plean maith! Bíonn sé níos éasca filleadh ar an scoil nuair a bhíonn tú ag súil le rud éigin, aon rud!
- Pádraig: Níl a fhios agam an mbíonn sé riamh éasca dul ar ais ag obair ach caithfid. Tá na laethanta saoire thart, faraor!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

**Treasa:**

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

**[Bleep]**

**[30 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa: Mír Nuachta 1**

### **(Canúint na Mumhan)**

Tomás:

I Mí Lúnasa dhá mhíle agus a cúig déag dúnadh an t-aon siopa a bhíodh ar oscailt go dtí sin i gCúirt Mhic Shéafraidh in Iarthar Chorcaí. Fágadh folús mór sa sráidbhaile turasóireachta.

I mbliana, chuir daoine áitiúla agus turasóirí in iúl i suirbhé go dtabharfaidís tacaíocht do shiopa nua dá mbeadh a leithéid ann. Ar an ábhar sin, tá grúpa de dhaoine gairmiúla ón sráidbhaile chun siopa pobail nua a oscailt. Comharchumann a bheidh sa siopa nua agus is é Denis Cahalane a bheidh mar chathaoirleach ar an gcoiste. Tabharfar deis do ghnáthdhaoine scaireanna a cheannach sa chomharchumann.

Dúirt Monica O' Brien, rúnaí an choiste, aréir go lonnófar an siopa nua sa teach a bhíodh in úsáid fadó mar oifig an phoist, agus, go ndíolfar bainne, arán, milseáin, uachtar reoite agus nuachtáin ann. Beidh bainisteoir lán-aimseartha i gceannas air ach beidh foireann dheonach ón bpobal ag obair in éineacht leis nó léi.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## **Treasa: Mír Nuachta 2**

### **(Canúint Chonnacht)**

Treasa:

Ag ócáid álainn i Leabharlann Shráid an Phiarsaigh aréir sheol an tOllamh Alan Titley dlúthdhiosca nua. *Caithréim: Ceol agus Amhráin ó Dhrámaí an Phiarsaigh* an teideal atá air. Albam nua is ea é le Síle Denvir a dhéanann ceiliúradh ar oidhreacht chultúrtha an Phiarsaigh.

Sna blianta roimh Éirí Amach na Cásca, naoi déag agus a sé déag, scríobh Pádraig Mac Piarais go leor drámaí i mBéarla agus i nGaeilge. Bhí áit lárnach ag amhráin sna drámaí sin. Rinne Síle Denvir cóiriú nua ar na hamhráin sin don dlúthdhiosca agus ina measc tá: ‘An Chaithréim,’ ‘Óró mo Bháidín’ agus ‘An Draighneán Donn.’

Thug Síle blaiseadh de na hamhráin ag an ócáid aréir. Ba iad na ceoltóirí Thomas Johnston, Aoife Ní Argáin, Claire Dolan agus Éadaoin Ní Mhaicín a sholáthair an tionlacan uirlise.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

## Treasa: Mír Nuachta 3

### (Canúint Uladh)

Caitlín:

Osclaíodh Teach Solais Fhánada go hoifigiúil do thurasóirí inné agus fanfaidh sé ar oscailt go dtí deireadh an tsamhraidh. Tá an Teach Solais suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nGaeltacht Dhún na nGall. Is féidir le cuairteoirí turas timpeall an Tí Sholais a fháil i nGaeilge nó i mBéarla agus tugtar cead do dhaoine, fosta, dul suas go barr an túir.

Díreach in aice leis an Teach Solais, tá trí theach saoire nua-aimseartha atá ar fáil le tógáil amach ar cíós.

Tógadh an teach solais sa bhliain ocht déag is a dó dhéag tar éis do bhád dul go tóin poill gar do Chionn Fhánada. Lasadh an solas den chéad uair i Mí an Mhárta sa bhliain ocht déag is a seacht déag.

Tá an Teach Solais ar an suíomh turasóireachta cáiliúil, “Tithe Solais Móra na hÉireann,” agus tá tuilleadh eolais ar fáil ansin.

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Repeat above text]**

**[Bleep]**

**[45 seconds gap]**

**[Bleep]**

**[Bleep]**

**Treasa:**

**Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.**